

SALM NA MARBH

Ón doimhne do sgreadaim ort
Ó a Thighearna éist le mo ghlór
Go dtuga do chluas aire do mo ghuidhe
Má bhreathnuigheann tú i mo lochtaí a Thighearna
An té a leannas é cé fhuilingeochoas é
De bhrigh gur ag an Tighearna
Atá an trócaire
Ár tsíothchánta
Crois sine a d'fhuasgail agus a fhuasglóchas
Crann aosaile do chuile lochtaí a Thighearna
Tá mo shúil leat a Thighearna
Muinghin m'anam in do bhriathar
Dochar m'anam ag an Tighearna
Ó dhuibh na maidne go dtí an oidhche
Go raibh dóchas ag íosa le n-ár dTighearna
Soillse síoruidhe tabhair dúinn a thighearna
Suaimhneas sólas comhnaidhe orainn
Ó gheataí ifrinn
A Dhia ó a Thighearna
Creidim go bhfeicim do mhaith i dtalamh na mbeo
Agus go gcomhnóchaidh inniu in do shíocháin
Le linn Chríost ar dTighearna. Áméin.
Éist an urnuighthe a Thighearna
Go leige tú seirbhís in do láthair
Ó a Dhia síoruidhe a thug dhúinn ar n-aithreacha
Dreatháracha dreithiúrach máithreacha
Fogluim an cheannsaidheacht
Roinn libh agus leothab san
Ceannsuigh an trócaire
Tabhair dúinn a bhfeicsint
Maith dúinn ar bpeacadh
Sólas is soillse síoruidhe
Go dtuga dia dár n-anam
Is linn Chríost ar dTighearna. Ámén.

Daithí an rí a chuir salm na marbh an t-am ar chuir an mac seacht dtroighthe i dtalamh é. Níl aon bhéarsa dá ndearna sé nár éirigh sé troigh go raibh sé os cionn talmhan leis an seachtmhadh fearsad. Ag a mháthair a chuala sé salm na marbh. Bhí sé aice ó na hathair. Is aige a bhí an sgéal freisin Dathaí an Rí a sgríobh Peadar ó Conceannainn síos.

Micilín 14/10/3

102